An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
Approved Housing Bodies Regulatory Authority

| | |
|---|---|
| **Teideal:** | **Bainisteoir Sinsearach Sonraí** |
| **Fostóir:** | **An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe** |
| **Scála Tuarastail:** | **€58,252 (Bunleibhéal) go €75,728** |
| **Leibhéal:** | **Oifigeach Riaracháin (Grád 7)** |
| **Áit:** | **Lár Chathair Bhaile Átha Cliath (Obair Chumaisc)** |
| **Dáta deiridh:** | **5 Márta 2025 ag 12 meán lae** |

## CÚLRA ÚRCTC

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC) i Feabhra 2021 agus tá ról ríthábhachtach aige maidir le rialachas éifeachtach, bainistíocht airgeadais, agus feidhmíocht comhlachtaí deonacha tithíochta agus comharthithíochta uile. Tá an mhaoirseacht sin ar aon dul le hAcht na dTithe (Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe a Rialáil) 2019.

Is é misean ÚRCTC Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (CTCanna) a rialáil d'fhonn rialachas agus cobhsaíocht airgeadais a threisiú laistigh den earnáil. Baineann tábhacht ar leith leis sin le haghaidh an infheistíocht phoiblí nach beag a chosaint i dtithíocht shóisialta a chuirtear ar fáil ag CTCanna. Trí sin a dhéanamh, tá sé mar aidhm ag ÚRCTC athdhearbhú a thabhairt d'infheisteoirí, do thionóntaí, don rialtas, agus d'earnáil na CTCanna féin, agus é ag cinntiú go n-oibríonn soláthraithe tithíochta sóisialta i dtimpeallacht dhea-rialáilte sheasmhach.

## SONRAÍOCHT PHOIST

Tá ÚRCTC ar lorg Bainisteoir Sinsearach Sonraí chun bheith ina b(h)all dá fhoireann maoirseachta rialála agus déanfaidh sé comórtas oscailte a reáchtáil chun an post sin a líonadh. Tá an post lonnaithe inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath 2. Oibríonn ÚRCTC Beartas Oibre Cumaisc trínar féidir le baill foirne suas le 60% dá gcuid uaireanta a oibriú go cianda.

Agus é/í ag tuairisciú do Cheann na Maoirseachta Rialála, beidh ról lárnach ag an mBainisteoir Sinsearach Sonraí G7 maidir le hoibríochtaí gnó ÚRCTC a fheabhsú trí réitigh theicneolaíochta a dhearadh, a fhorbairt, agus a chur i bhfeidhm. Is ról ríthábhachtach é seo maidir le forbairtí teicniúla leanúnacha a chur chun cinn chun tacú le próisis de réir sonraí agus riachtanais anailísíochta ÚRCTC.

Is ról é ról an Bhainisteora Shinsearaigh Sonraí atá teicniúil agus dírithe ar an ngnólacht freisin. Léireoidh an t-iarrthóir rathúil scileanna láidre teicniúla agus saineolas (beidh obair theicniúil theagmhálach riachtanach) agus beidh sé/sí in ann tionscadail réiteach gnó a bhainistiú.

Leis an ról seo, tugtar deis d'fhás suntasach do dhaoine aonair ar mian leo a gcuid eolais, scileanna agus saineolais a mhéadú. Cuirtear timpeallacht dhinimiciúil ar fáil leis ina spreagtar foghlaim agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Beidh an deis ag daoine

dul i ngleic le dúshláin éagsúla, obair a dhéanamh i gcomhar le gairmithe a bhfuil taithí acu, agus cur le tionscadail a mbíonn tionchar acu in earnáil bhunriachtanach.

## PRÍOMHDHUALGAIS & PRÍOMHFHREAGRACHTAÍ

- Bheith i gceannas ar réitigh theicneolaíochta a dhearadh, a fhorbairt, agus a chur i bhfeidhm chun feabhas a chur ar bhailiú, ar bhainistíocht, agus ar úsáid sonraí rialála ag ÚRCTC.
- Príomhról a ghlacadh maidir le tionscnaimh bunathraithe dhigitigh laistigh den ÚRCTC, agus feabhsuithe leanúnacha gnó á gcur chun cinn trí úsáid teicneolaíochta agus ag cinntiú go gcomhlíontar riachtanais reachtúla a bhaineann le húsáid agus le stóráil sonraí rialála.
- Príomhpháirtithe leasmhara a bhainistiú lena n-áirítear Ceannasaithe Gnólachtaí agus díoltóir(í) acmhainní agus theicneolaíocht an chláir TF chun a chinntiú go dtuigtear riachtanais phróisis agus go ndéantar iad a sholáthar don eagraíocht.
- Tacaíocht a thabhairt d’anailísíocht sonraí agus do riachtanais tuairiscithe na heagraíochta atá á bhforbairt.
- Bheith i gceannas agus bainistíocht a dhéanamh ar chaighdeánú próiseas, ar rialachas sonraí, ar ghlanadh, ar chothabháil agus ar iarrachtaí feabhsaithe cáilíochta ar aon dul le cuspóirí na straitéise sonraí.
- An próiseas a bhainistiú le haghaidh deiseanna a shainaithint, cur síos a dhéanamh orthu, agus iad a chur i gcrích maidir le forbairt agus úsáid máistirshonraí ar fud na réimsí rialála.
- Príomhról a ghlacadh maidir le riachtanais, dearadh, tástáil agus cur i bhfeidhm a shainiú i dtaca le próisis nua agus feabhsuithe córais chun tacú le máistirshonraí ar bhonn leanúnach.
- Bheith i gceannas ar bheartais, ar nósanna imeachta agus ar chaighdeáin a bhaineann le TFC a fhorbairt don eagraíocht.
- Beidh sé riachtanach acmhainní teicniúla agus tionscadail a bhainistiú.

## CRITÉIR CHÁILITHEACHTA

Ní mór d’iarratasóirí na ceanglais fhíor-riachtanacha seo a leanas a chomhlíonadh sula gceapfar iad:

- Céim baitsiléara ábhartha i TF nó i réimse bainteach nó taithí ábhartha trí bliana ar a laghad ar TF nó taithí ar anailísíocht sonraí.

Ní mór údarú neamhchoinníollach a bheith ag iarrthóirí chun cónaí agus oibriú in Éirinn.

### Scileanna agus Taithí

- Taithí ábhartha chruthaithe ar thionscadail TFC a bhainistiú, ar bhainistíocht agus ar thuairisciú sonraí.
- Taithí ar bheith i gceannas ar thionscadail theicniúla a chur i bhfeidhm i dtimpeallacht oibríochtúil ghnóthach.
- Taithí ar nósanna imeachta TFC a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Mionchruinneas agus beachtas láidir, le béim ar thorthaí ardcháilíochta.
- Ard-scileanna anailíseacha agus taithí ar atheagrú próiseas gnó.
- An-eagraithe agus an cumas aige/aici liostaí tosaíochta a choimeád ar athruithe móra agus ar athruithe beaga agus an phríomh-uirlis sin a bhainistiú go réamhghníomhach.
- Taithí, mar bhall d'fhoireann, ar fheidhmiúlacht nua a chur i gcrích go rathúil.

### Bheadh sé inmhianaithe ach níl sé bunriachtanach go mbeadh na scileanna agus taithí a leanas ag iarrthóirí:

- Taithí ábhartha maidir le rialáil, airgeadas, iniúchadh, cigireacht nó comhlíonadh.
- Taithí ábhartha ar a bheith ag bainistiú foirne agus acmhainní
- Taithí ar anailís agus ar mheasúnú sonraí.
- Tuiscint láidir a bheith aige/aici ar chúrsaí airgeadais chomh maith le bheith in ann taithí a léiriú ar a bheith ag plé le sonraí casta eacnamaíochta agus airgeadais.
- Tuiscint ar phrionsabail rialála atá bunaithe ar riosca agus ar chreat rialála na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

## PRÍOMHINNIÚLACHTAÍ MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT ÉIFEACHTACH AG AN nGRÁD SEO

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú, trí thagairt a dhéanamh do ghnóthachtálacha sonracha ina ngairmréim go dtí seo, go bhfuil na cáilíochtaí, na scileanna agus an t-eolas seo a leanas acu atá riachtanach don ról mar Bhainisteoir Sinsearach Sonraí.

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Forbraíonn agus cothaíonn sé/sí caidreamh oibre dearfach, táirgiúil agus tairbheach
- Eolas a chur i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach trí labhairt agus trí scríobh le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha
- Bíonn tionchar aige/aici go héifeachtach ar dhaoine eile chun beart a dhéanamh.

**Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí**

- Bainistíocht a dhéanamh ar an bhfoireann chomh maith lena spreagadh chun daoine aonair a fhorbairt agus an seachadadh uasmhéadú
- Forbraíonn sí nó sí pleananna oibriúcháin agus foirne
- Obair agus acmhainní a phleanáil agus tús áite a thabhairt di go héifeachtach laistigh den fhoireann
- Sainaithníonn sé/sí réimsí atá le feabhsú go réamhghníomhach agus forbraíonn sé/sí réitigh phraiticiúla lena gcur i bhfeidhm.

**Breithiúnas, Anailísiú agus Cinnteoireacht**

- Déanann sé/sí cinntí tráthúla feasacha éifeachtacha agus léiríonn sé/sí breithiúnas maith agus cothromaíocht agus cinntí nó moltaí á dhéanamh aige/aici.
- Bailíonn sí/sé agus anailísíonn sé/sí eolas ó fhoinsí ábhartha, cibé acu eolas airgeadais, eolas uimhriúil, nó eile, agus réimse tosca criticiúla á mheas.
- Cuireann sé/sí ceisteanna níos leithne, cláir, íogaireachtaí, agus impleachtaí gaolmhara ar bith san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici

**Saineolas**

Ardleibhéal cumais agus taithí ar thionscnaimh bunathraithe dhigitigh, ar anailísíocht sonraí nó ar réitigh theicneolaíochta a chur i bhfeidhm.

## SCÁLA PÁ

Oifigeach Riaracháin Ghrád 7 – Scála Údaráis Áitiúil (Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin) amhail an 1 Deireadh Fómhair 2024

€58,252 -€59,677 – €61,341 – €63,011 – €64,680 – €66,172 – €67,700 – €69,179 – €70,656 – BFS1 €73,185 – BFS2 €75,728

## Nóta Tábhachtach

Ceapfar iontrálaithe nua ar an gcéad phointe den scála ar aon dul le beartas an rialtais. D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme go díreach roimh an gceapachán, más státseirbhíseach/seirbhíseach poiblí ar seirbhís é/í an t-iarrthóir rathúil.

## Incháilitheacht chun dul san iomaíocht

Ní mór d'iarrthóirí incháilithe a bheith:

a) Saoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó

b) Saoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó
c) Saoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
d) Saoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici: nó
e) Duine dár dámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici; nó
f) Saoránach neamh-LEE ar tuismitheoir linbh chleithiúnaigh é nó í ar saoránach de chuid bhallstát LEE é nó í, agus a chónaíonn i mballstát LEE nó san Eilvéis agus a bhfuil víosa stampa 4 aige nó aici

## OBAIR CHUMAISC

Tá ÚRCTC tiomanta do sheachadadh den scoth maidir lenár réimse leathan seirbhísí agus do cháilíocht ár seirbhís do chustaiméirí. Sa chomhthéacs seo, tá beartas oibre cumaisc curtha i bhfeidhm ag ÚRCTC agus ár dtiomantas á choinneáil againn do sheachadadh seirbhísí ar an gcaighdeán is airde. Tá gach fostaí i dteideal iarratas a dhéanamh ar obair chumaisc.

## UAIREANTA FREASTAIL

Is iad na gnáthuaireanta gnó don ÚRCTC ná 9in go 5rn, ó Dé Luain go Dé hAoine.

## SAOIRE BHLIANTÚIL

Is é 25 lá an tsaoire bhliantúil don ról seo, a mhéadófar le himeacht ama ag brath ar sheirbhís.
Tá sé sin bunaithe ar sheachtain cúig lá agus níl laethanta saoire poiblí reachtúla san áireamh ann.

**Réamhsheirbhís sa Státseirbhís a Ríomh maidir le Ceapachán nó Ardú Céime go Post Nua.** Féadfaidh oifigigh seirbhíse a cheapfar nó a bhfuair ardú céime chuig post nua an liúntas saoire bliantúla atá acu faoi láthair a choinneáil más rud é go bhfuil sé níos mó ná an liúntas a bheadh i bhfeidhm murach sin. Tá sé seo faoi réir nach sáraítear an t-uasliúntas a bhaineann leis an bpost nua, áfach

## SOCHAIR EILE MAIDIR LE BHEITH AG OIBRE DON ÚRCTC

- Post buan inphinsin
- Uaireanta oibre solúbtha laistigh de theorainneacha sainithe
- Saoire bhliantúil 25 lá a mhéadófar le himeacht ama ag brath ar sheirbhís.

- Tuarastal earnála poiblí agus ardú pá ar bhonn incriminteach ag baint leis (scála Ghrád 7)
- Timpeallacht oibre hibrideach le huaireanta oibre solúbtha
- Deiseanna forbartha pearsanta trí oideachas acadúil atá urraithe ag fostóirí, saoire staidéir íoctha agus cláir oiliúna agus forbartha inmheánacha.
- Timpeallacht oibre dhinimiciúil agus idirghníomhach
- Deiseanna dul chun cinn gairme
- Éascú ticéad taistil Coigiltis Cánach agus Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
- Páirceáil ar an láthair le haghaidh rothar
- Oifig nua-aimseartha i lár na cathrach, suite in aice le Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, atá inrochtana go héasca ar an DART, agus go leor bealaí bus

## AOISLIÚNTAS, SCOR & SEIRBHÍSIGH PHOIBLÍ ROIMHE SIN

Is é 66 an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha (ag ardú go 67 agus 68) i gcomhréir le hathruithe ar aois an Phinsin Stáit.

**Aois Scoir:** cinnfear é i gcomhréir leis na ciorcláin ábhartha ranna rialtais.

## AN PRÓISEAS ROGHNAITHE

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Uaslódáil na doiciméid seo a leanas ar an tairseach iarratas ar líne an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ahbrajobs.com) faoin **5 Márta 2025 ag 12 meán lae**.

- Do CV, agus,
- Litir Chumhdaigh ina mínítear an fáth a gceapann tú go mbeadh luach ag baint le do scileanna agus taithí mar Bhainisteoir Sinsearach Sonraí leis an ÚRCTC.

Tá clár earcaíochta agus iarratais ÚRCTC tacaithe ag Sigmar Ltd.

Dícháileofar iarratasóirí go huathoibríoch má dhéanann siad canbhasáil nó má dhéantar canbhasáil ar a son. Ba chóir aon cheisteanna a dhíriú chuig ahbrajobs@sigmar.ie.

**D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an bPróiseas Roghnaithe:**

- Triail infheidhmeachta
- Eolas Teicniúil nó cleachtadh bunaithe ar scileanna
- Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an eolas atá ina CV
- Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- Cur i láthair nó cleachtaí eile
- Agallamh iomaíoch deiridh
- Aon tástáil nó cleachtadh eile a mheastar a bheith iomchuí

Ina theannta sin, ní mór d'iarratasóir a n-éiríonn leis/léi a bheith ceart go leor de réir leighis chun dul i mbun an cheapacháin.

Seolfaidh ÚRCTC próiseas gearrliostaithe. Sa phróiseas sin, roghnófar roinnt iarrthóirí lena gcur faoi agallamh ar iarrthóirí iad, bunaithe ar scrúdú a dhéanamh ar an CV agus ar an litir chumhdaigh, ar dócha gurb iad na hiarrthóirí is oiriúnaí don phost. Scrúdóidh bord saineolaithe na doiciméid i gcoinne critéir réamhchinnte bunaithe ar riachtanais an phoist. Ní hionann sin agus a rá go bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó éagumasach chun tabhairt faoin bpost, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann ar cosúil go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu nó go bhfuil taithí ábhartha níos fearr acu , bunaithe ar na doiciméid a chuir siad isteach. Is ar mhaithe leat féin atá sé mar sin cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar do cháilíochtaí/taithí ar do CV.

Má dhiúltaíonn duine dá ndéantar tairiscint dó/di, nó má dhiúltaíonn sé/sí é tar éis dó/di an post a ghlacadh, nó má thagann aon fholúntas breise chun cinn, féadfaidh ÚRCTC, dá rogha féin, iarratasóirí ón bpróiseas seo a mheas lena gceapadh chuig aon fholúntas comparáideach eile laistigh de thréimhse dhá mhí déag.

Tá ÚRCTC tiomanta do bheartas comhdheise.

**DÁTA DEIRIDH**

Ní mór d'iarratas agus litir chumhdaigh a chur isteach tríd an tairseach iarratas ar líne an tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ahbrajobs.com) faoin **5 Márta 2025 ag 12 meán lae.**

Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 24 uair an chloig ón iarratas a chur isteach, téigh i teagmháil leahbrajobs@sigmar.ie. Eiseofar nuashonruithe feachtais chuig do sheoladh ríomhphoist cláraithe, mar a iontráladh é ar an tairseach iarratais ar líne.

Moltar duit do ríomhphoist a sheiceáil ar bhonn rialta le linn an chomórtais agus tú a bheith cinnte, ina dteannta sin go seiceálann tú fillteáin dramhaíola/turscair más trí dhearmad a dhéantar aon ríomhphost a scagadh.

An tÚdarás Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe
Approved Housing Bodies Regulatory Authority

## NA hACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ, 1988, 2003 AGUS 2018

Soláthraíonn Sigmar Recruitment Ltd., ina cháil mar Phróiseálaí Sonraí, seirbhísí earcaíochta thar ceann an Údaráis Rialála Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe (ÚRCTC), an Rialaitheoir Sonraí. Cruthóidh Sigmar taifead i d'ainm, ina mbeidh faisnéise phearsanta a sholáthair tú. Ní úsáidtear an taifead sin ach chun d'iarrthóireacht a bhreithniú agus a mheas amháin, agus má éiríonn leat, cuirfear do chuid son sonraí pearsanta ar aghaidh chuig ÚRCTC. Tá próiseáil sonraí pearsanta faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988-2013 agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS).
Faoin RGSC, tá ábhair shonraí a bpróiseálann ÚRCTC a gcuid sonraí i dteideal cearta áirithe a fheidhmiú maidir lena sonraí pearsanta. Is féidir leat iarratas a dhéanamh chun aon cheann de na cearta sin a fheidhmiú saor in aisce trí theagmháil a dhéanamh leis an OCS ag dpo@ahbregulator.ie. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann ÚRCTC sonraí pearsanta, féach ar ár Ráiteas Príobháideachais le do thoil: https://www.ahbregulator.ie/legal-compliance/privacy-statement/

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin dóigh a bpróiseálann Sigmar do chuid sonraí pearsanta, athbhreithnigh an Ráiteas Príobháideachais le do thoil: https://www.sigmarrecruitment.com/privacy-statement.

Mura bhfuil tú sásta le láimhseáil iarratais ar Chosaint Sonraí a dhéanann tú le ÚRCTC, nó má chreideann tú go bhfuiltear ag teip ar ÚRCTC maidir lena chuid oibleagáidí um chosaint sonraí, déan teagmháil le OCS ÚRCTC le do thoil.

Tabhair do d'aire go bhfuil an ceart agat freisin gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí: https://forms.dataprotection.ie/contact.